

Baisc shamplach imleabhar ón bPríomhbhailiúchán Lámhscríbhinní seolta ag Seán Kyne T.D.

Sheol Príomh-Aoire an Rialtais agus Aire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin, Seán Kyne T.D., baisc shamplach imleabhar as Príomhbhailiúchán Lámhscríbhinní Chnuasach Bhéaloideas Éireann ar dúchas.ie ag Oireachtas na Samhna, Cill Airne aréir (Déardaoin 1 Samhain).

Is é An Príomhbhailiúchán Lámhscríbhinní an bailiúchán is déanaí atá á dhigitiú ag foireann dúchas.ie. Is éard atá sa bhailiúchán seo 2,400 imleabhar ceangailte d'ábhar a bailíodh ó 1932 i leith. Bhailigh bailitheoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha formhór an ábhair faoi scáth Choimisiún Béaloideas Éireann (1935–1971). I nGaeilge atá timpeall dhá thrian den ábhar a chuimsíonn gach gné de thraidisiún béil na hÉireann. Ábhar a bailíodh sna ceantair Ghaeltachta sna 1930idí is mó atá i gceist sa bhaisc imleabhar a seoladh inné.

Sa rogha shamplach seo ina bhfuil os cionn 4,000 scéal faightear léiriú ar obair na mbailitheoirí lánaimseartha a bhí ag saothrú sna paróistí Gaeltachta thuaidh, thiar agus theas i mblianta tosaigh an Choimisiúin. I gCo. Chiarraí, tá ábhar a chnuasaigh [Tadhg Ó Murchadha](#) in Uíbh Ráthach agus díolaim bhreá as Corca Dhuibhne a bhailigh [Seosamh Ó Dálaigh](#), Duibhneach a bhí láncháilithe chun obair bhailithe an bhéaloidis ó dhúchas. **Sna Déise**, tá seanchas a thiomsaigh [Nioclás Breathnach](#) go háirithe thart ar cheantar na Rinne agus ó scéalaithe ar nós [Mhichíl Thurraoin](#). I nGaillimh, cuireadh [Liam Mac Coisdeala](#) i mbun bailithe agus tá ábhar a chnuasaigh seisean in Eanach Dhúin agus thart ar Charra ón scéalai cáiliúil [Éamon a Búrc](#) ar fáil anois. Tá ábhar spéisiúil ann freisin a bhailigh [Proinnsias de Búrca](#) i nDúiche Sheoigheach. I gCo. Dhún na nGall, tá scéalta seanchais a bhailigh [Seán Ó hEochaidh](#) ina cheantar dúchais féin i dTeileann agus fud fad dheisceart an chontae. Níos faide ó thuaidh bhí [Liam Mac Meanman](#) ag bailiú leis i gceantar Ghleann Fhinne agus tá ábhar a bhailigh sé ón scéalai cáiliúil mná [Anna Nic a' Luain](#) as Na Cruacha.

I measc an ábhair eile atá ar fáil ar dúchas.ie cheana, tá **Bailiúchán na Scol**, ábhar ó gach ceann de na 26 contae a ghlac páirt i Scéim na Scol in 1937-39, mar aon le breis agus 11,000 grianghraf ón m**Bailiúchán Grianghraf**. Cuireadh tús le [Meitheal Dúchas.ie](#) in Earrach 2015, tionscadal tras-scríofa atá ar cheann de na tograí sluafhoinsithe is rathúla dá leithéid ar domhan. Tá breis agus 160,000 leathanach tras-scríofa go deonach ag bail na Meithle go n-uige seo.

Dúirt Príomh-Aoire an Rialtais agus Aire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin, Seán Kyne T.D.: 'Cuireann sé áthas orm a bheith anseo inniu ag Oireachtas na Samhna 2018 chun an t-ábhar a sheoladh go hoifigiúil. Tá an-tábhacht ag baint leis an ábhar seo chun gné na Gaeilge de bhéaloideas na hÉireann a chur ar fáil don phobal. Mar aitheantas air sin, tá an togra seo á mhaoiniú ag mo Roinn faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge le roinnt blianta anuas.

Is léir go bhfuil obair fhiúntach ar bun ag lucht Fiontar & Scoil na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath chun béaloideas na hÉireann a chaomhnú agus chur ar taispeáint go digiteach do phobal na hÉireann agus do dhaoine eile timpeall na cruinne. Guím gach rath ar gach duine atá bainteach leis an tionscadal.'

Dúirt Seán Mac an tSíthigh: 'Scáthán atá sa chnuasach béaloidis seo ar anam na tíre, na creidiúintí agus na tuiscintí as ar fáisceadh sinne inniu. Is ionann é agus taiscumar náisiúin, mar a chaomhnaítear bunchlocha ár bhféiniúlachta agus na préamhacha doimhne a mhúnláionn mar Éireannaigh sinn. Is ann a thiocfaidh tú ar shuibhreas teanga agus canúna, samhlaíocht scéalaíochta, oidhreacht chultúrtha, gan trácht ar theagasc agus fealsúnacht dúchais.

Ní hamháin go bhfuil deis againn sa tionscnamh digitithe seo an stór luachmhar eolais a chur fé bhráid scoláirí béaloidis agus réimsí eile léinn, ach tá deis ann an saibhreas iontach seo a bhronnadh, athuir, ar na pobail as ar eascair sé. Is iad seo na pobail a chaomhnaigh, a chothaigh agus a roinn an t-eolas go fial leis an gCoimisiún. Tugann an tionscnamh seo aitheantas do fhlaithiúlacht na scéalaithe agus na seanchaithe, na mná agus na fir ónar bailíodh an t-ábhar, agus cothaíonn mórtas cine sna pobail agus sna paróistí ar fud Éireann lena bhaineadar.'

Cuireann Éireannaigh agus lucht an diaspóra araon suim in dúchas.ie. Tá líon mór úsáideoirí lonnaithe sa Bhreatain, sna Stáit Aontaithe, san Astráil agus i gCeanada, i measc neart tíortha eile. Is áis iontach é dúchas.ie dóibh siúd a chuireann suim i léann an bhéaloidis, sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i


Eisithe ag Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU agus Cnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD
2 Samhain 2018

mórán réimsí taighde eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach de réir áiteanna, de réir daoine agus de réir topaicí, agus tá ábhar ann ó nach mór gach paróiste sa tír.

Is toradh é dúchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, Leabharlann Dhigiteach UCD, agus Fiontar & Scoil na Gaeilge, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in DCU. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal bailiúcháin uile Chnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú agus a chur ar fáil don phobal ar líne. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, agus ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath le cabhair airgeadais ó Fhondúireacht Bhéaloideas Éireann.

CRÍOCH

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Clare Coughlan; clare.coughlan@dcu.ie; (01) 700 6577



An Roinn
Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht



S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal